

# Na Cúig Ghné den Amharc-ealaín

<p><b>Teanga chriticiúil agus amhairc</b></p>	<p>Úsáideann scoláirí <b>Teanga chriticiúil agus amhairc</b> chun saothar ealaíonta a phlé, a thuiscint agus a mheas, ceann dá gcuid féin nó ceann duine eile. Ligeann sí do scoláirí íomháineachas a fhiosrú níos fearr agus ar bhealach níos meabhraithí. Is féidir le scoláirí teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a gcuid smaointe a chur in iúl dá múinteoir, do scoláirí eile nó don phobal trí chéile. Agus cumas mar sin a bheith ag scoláire is inniúla agus is muiníní a bheidh siad chun freagairt do, agus chun plé faoi, chultúr amhairc an domhain chomhaimseartha nó stairiúla agus na dtimpeallachtaí nádúrtha agus tógtha.</p>
<p><b>Líníocht</b></p>	<p>Is í an <b>Líníocht</b> an teanga bhunúsach atá i gcoílár na n-imeachtaí uile a dhéanann scoláirí sna trí snáitheanna: ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Is den riachtanas é le haghaidh fiosrúcháin, léiriúcháin, doiciméadúcháin agus faisnéis amhairc a chur in iúl. Tá sé tábhachtach go bhfaigheadh scoláirí blaiseadh ar bhrí a bhaint as breathnóireacht, lena n-áirítear foinsí príomha agus líníocht bheo agus líníocht thrialach agus shamhlaíoch, chomh maith le smaointe a fhorbairt trí 2-T, 3-T nó modhanna digiteacha. Is foirm ealaíne aisti féin í an líníocht freisin. Ní mór do scoláirí a gcuid scileanna líníochta a thriail agus a fhorbairt thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.</p>
<p><b>Cultúr agus tríd an léirtheiscint amhairc</b></p>	<p>Aithnítear tríd an <b>gCultúr agus tríd an léirtheiscint amhairc</b> go bhfuil an domhan nua-aimseartha éirithe ina áit níos físiúla ina bhfaightear réimse leathan spreagthaí amhairc amhail ailtireacht agus dearadh uirbeach nó fógraíocht, meáin nua, an t-idirlíon, mínealaín, ceardaíocht, dearadh, grianghrafadóireacht, faisean agus tuilleadh nach iad. Léitear ciúnna agus íomhánna nach mbíonn téacs-bhunaithe ar luas i bhfad níos gasta ná teachtaireachtaí atá téacs-bhunaithe. Uaireanta, agus iad báite le híomhánna, caithfidh scoláirí na teachtaireachtaí amhairc seo a thuiscint agus a dhíchódú, chomh maith le cultúr amhairc sochaithe eile freisin. Is gá an t-eolas agus an tuiscint sin a chur in iúl ag úsáid teanga a aithníonn na scoláirí ach freisin gan neamhaird a dhéanamh den teanga chriticiúil agus amhairc a bhaineann le trí snáitheanna na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh.</p>
<p><b>Gnéithe na healaíne agus prionsabail an deartha (GEPD)</b></p>	<p>Is iad <b>Gnéithe na healaíne agus prionsabail an deartha (GEPD)</b> na bloic thógála i saothar ealaíne ar bith a chruthóidh scoláire. Is féidir anailís a dhéanamh ar a bhfeidhmiú in oibreacha 2-T, 3-T nó digiteacha trína n-úsáid a mheas i bpáirt nó ar bhonn aonair. Áirítear i measc na ngnéithe ealaíne an ponc, dath, líne, cruth, ton, uigeacht agus patrún. Áirítear ar na prionsabail deartha cothromaíocht, teannas, siméadracht, teacht le chéile, solas, spás, scála agus contrárthacht.</p>
<p><b>Meán</b></p>	<p>Is gné thábhachtach í rogha agus úsáid na <b>Meán</b> a thrasghearrann na trí snáithe: ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Is iad na meáin an modh atá ann chun idirghníomhú, cruthú, ceangal agus dul i dteagmháil le daoine eile. San obair, a roghnaíonn scoláirí a dhéanamh, is féidir leo uirlisí agus modhanna traidisiúnta a úsáid nó modhanna nua, comhaimseartha nó digiteacha. Clúdaíonn na meáin freisin eolas ar na teicnící nó ar na próisis freisin.</p>